

## Gníomhaíocht Matamaitice

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sóisearach, lá 4. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam Matamaitice le haghaidh grúpaí ranga sna Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

Matamaitic > Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla > Rangú, Meaitseáil, Comparáid a dhéanamh

Matamaitic > Uimhreas > Comhaireamh

**Teachtairacht an Fhíseáin:** Cá dtéann ár ndramhaíl bhia? Múiríníú ar bhia.

### Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✓ Rudaí a rangú ar bhonn tréithe amháin
  - ✓ Bailiúcháin de rudaí a shórtáil
  - ✓ Rudaí cosúla a shuimiú le tacar atá sonraithe go soiléir
- ✓ Tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a mheitseáil, ag úsáid comhfhreagrais aon lena haon
- ✓ Tacair a chur i gcomparáid gan chomhaireamh
- ✓ An líon rudaí i dtacar a chomhaireamh

### Treoiríníte don Mhúinteoir:

- ✓ Iarr ar na daltaí an Ghníomhaíocht Sórtála Athchúrsála thíos a líonadh isteach ar an mbileog oibre.
- ✓ Is féidir na hearraí a ghearradh agus a ghreamú san áit cheart, nó línte a tharraingt uathu go dtí an chatagóir cheart.



# Dé Deardaoin | Lá a Ceathair

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin  
Shinsearacha agus Rang a hAon









Seachtain Food Dudes



**Athchúrsáil**



**Múiríniú**



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Dé Deardaoin | Lá a Ceathair

Rang a hAon



Seachtain Food Dudes

An bhfuil níos mó rudaí sa bhosca múirínithe nó sa bhosca athchúrsála? \_\_\_\_\_

Cé mhéid rudaí atá sa bhosca múirínithe? \_\_\_\_\_

Cé mhéid rudaí atá sa bhosca athchúrsála? \_\_\_\_\_

Cé mhéid rudaí atá sa dá bhosca le chéile? \_\_\_\_\_

## Nóta don Mhúinteoir – Gníomhaíochtaí Sínte Roghnacha don scoil ar fad:

Cuimhnigh ar Sheachtain Food Dudes a úsáid mar dheis chun áiseanna agus beartais na scoile a athbhreithniú.

An bhfuil boscaí bruscair agaibh le haghaidh páipéir/cárta, plaisteach, cannaí, dramhaíl bhia, dramhaíl orgánach, agus/nó dramhaíl ghinearálta sa seomra ranga nó i bhfoirgneamh na scoile? Mura bhfuil, an bhféadfá a iarraidh go bhfaighfí iad agus go gcabhrófaí leis na daltaí iad a úsáid?

B'fhéidir go gcabhródh athruithe beaga simplí, ar nós comharthaí níos soiléire, leis na daltaí agus na múinteoirí a ndramhaíl a shórtáil agus a chaitheamh amach i gceart? Tacaigh le do rang chun na comharthaí nua a chruthú agus iad a chur in airde don scoil ar fad.

An bhféadfaí pobal na scoile uile a thabhairt le chéile le haghaidh Lá Glantacháin roimh dheireadh an téarma, faoi stiúir an ranga?



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union